| Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta | Meitheal Forbartha cruinniú #3: 8.11.24<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte** | Glacadh leis na miontuairiscí deireanacha. Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **Athbhreithniú ar an Réasúnaíocht agus ar na Aidhmeanna atá á bhforbairt** | Cuireadh cóip de dhréacht-Réasúnaíocht agus Aidhmeanna ar fáil don Mheitheal Forbartha inar léiríodh an plé ón gcruinniú roimhe sin. D'oibrigh an mheitheal i ngrúpaí beaga chun machnamh a dhéanamh ar an téacs agus chun leasuithe breise agus rudaí le cur leis a mholadh. Rinne an Feidhmeannas taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoi dhréacht a thiocfaidh amach anseo. |
| **Príomhinniúlachtaí** | Cuireadh dréacht den chuid seo den tsonraíocht ar fáil do bhaill na Meithle Forbartha. D'oibrigh an mheitheal i ngrúpaí beaga chun machnamh a dhéanamh ar an dréachtchuid maidir le Príomhinniúlachtaí. Rinne an Feidhmeannas taifead ar aiseolas a bheidh mar bhonn faoi dhréacht a thiocfaidh amach anseo. |
| **I dtreo struchtúr a leagan síos** | D'oibrigh an Mheitheal Forbartha i ngrúpaí beaga chun plé agus machnamh a dhéanamh ar struchtúr don dréachtsonraíocht le haghaidh Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta. Ba é an tOifigeach Oideachais a thaifead an t-aiseolas. |
| **Torthaí Foghlama** | Cuireadh forléargas in iúl ar mhaithe le scafláil a dhéanamh ar na Torthaí Foghlama sa tsonraíocht, agus bhí taighde ar fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim mar bhonn eolais faoi sin. Iarradh ar an Meitheal Forbartha machnamh a dhéanamh ar cheisteanna treoracha a bhaineann le Torthaí Foghlama roimh an gcéad chruinniú eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus ábhair mhachnaimh** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Déanfaidh feidhmeannas CNCM athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: 4 Nollaig 2024 |